BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

16 Eanáir 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (AE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(3) – Taisteal saor in aisce nó ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal – Paisinéirí nár íoc ach muirir agus cánacha aeriompair – Ticéad a chur in áirithe i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn – Airteagal 8(1)(c) – Ceart chun athródaithe ar dháta níos déanaí – Easpa ceanglais maidir le nasc ama idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe atá ag teastáil ón bpaisinéir)

I gCás C-516/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main, an Ghearmáin), trí bhreith an 8 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 10 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

NW,

YS

v

Qatar Airways,

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: N. Jääskinen, Uachtarán an Naoú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Ochtú Dlísheomra, M. Gavalec (Rapóirtéir) agus J. Passer, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– YS agus NW, ag M. Böse, Rechtsanwalt,

– Qatar Airways, ag B. Liebert agus U. Steppler, Rechtsanwälte,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– an Coimisiún Eorpach, ag G. von Rintelen agus N. Yerrell, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 3(3) agus Airteagal 8(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir aerphaisinéirí NW agus YS, ar thaobh amháin, agus Qatar Airways, ar an taobh eile, maidir le héileamh ina n-iarrtar cúiteamh as mainneachtain an aeriompróra sin a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hathródú na bpaisinéirí sin chuig a gceann scríbe deiridh a áirithiú.

An dlí lena mbaineann

Rialachán Uimh. 261/2004

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 2, 12 agus 13 de Rialachán Uimh. 261/2004:

‘(1) Ba cheart, go háirithe, go mbeadh sé mar aidhm ag gníomhaíocht an Chomhphobail [Eorpaigh] i réimse an aeriompair ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú. Thairis sin, ba cheart go dtabharfaí aird iomlán ar na riachtanais atá ann maidir le cosaint tomhaltóirí i gcoitinne.

(2) Nuair a dhiúltaítear cead bordála do phaisinéirí agus nuair a chuirtear eitiltí ar ceal nó nuair a chuirtear mhoill fhada orthu, déantar ciotaí do phaisinéirí agus cuirtear isteach go mór orthu.

[...]

(4) Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhphobal na caighdeáin chosanta a leagtar síos [le Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 ón gComhairle an 4 Feabhra 1991, lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le córas cúitimh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil ar sheirbhísí aeriompair sceidealaithe (IO 1991 L 36, lch. 5)] a ardú chun cearta paisinéirí a neartú agus chun a áirithiú go mbíonn aeriompróirí ag oibriú faoi choinníollacha comhchuibhithe i margadh léirscaoilte.

[...]

(12) Ba cheart an cur isteach agus an chiotaí a chruthaíonn cealú eitiltí do phaisinéirí a laghdú chomh maith. Ba cheart sin a bhaint amach trína thabhairt ar iompróirí paisinéirí a chur ar an eolas faoin gcealú roimh am sceidealaithe an imeachta agus sa bhreis ar athródú réasúnta a thairiscint dóibh, ionas go mbeidh na paisinéirí in ann socruithe eile a dhéanamh. I gcás nach ndéanfadh aeriompróirí amhlaidh, ba cheart dóibh paisinéirí a chúiteamh, mura bhfuil imthosca urghnácha ann nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta ab fhéidir ba chúis leis an gcealú.

(13) Ba cheart paisinéirí a gcuirtear a n-eitiltí ar ceal a bheith in ann aisíocaíocht a dticéad a fháil nó athródú faoi dhálaí sásúla a fháil, agus ba cheart aire leordhóthanach a thabhairt dóibh agus iad ag fanacht le heitilt níos déanaí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 3(3) den Rialachán sin, dar teideal 'Raon feidhme':

'Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le paisinéirí a bheidh ag taisteal saor in aisce nó ar tháille laghdaithe ar táille í nach mbeidh ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal. Beidh feidhm aige, áfach, maidir le paisinéirí a bhfuil ticéid acu a eisíodh faoi chlár dílseachta nó clár tráchtála eile ag aeriompróir nó ag eagraí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 5(1) agus (3) den Rialachán sin, dar teideal 'Cealuithe':

'(1) Má chuirtear eitilt ar ceal, maidir leis na paisinéirí lena mbaineann:

(a) tairgfidh an t-aeriompróir oibríochta cúnamh dóibh i gcomhréir le hAirteagal 8.

[...]

(3) Ní bheidh sé d'oibleagáid ar aeriompróir oibríochta cúiteamh a íoc i gcomhréir le hAirteagal 7 más féidir leis a chruthú gur cuireadh an eitilt ar ceal mar gheall ar imthosca urghnácha agus nárbh fhéidir an cealú sin a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán Uimh. 261/2004, dar teideal 'An ceart chun cúitimh', do chúiteamh caighdeánaithe do phaisinéirí, a n-athraíonn a méid, *inter alia*, de réir fhad na heitilte.

7 Foráiltear le hAirteagal 8 den Rialachán céanna, dar teideal 'Cuidiú: an ceart chun aisíocaíochta nó chun athródú:

'(1) I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, tairgfear do phaisinéirí rogha idir:

(a) – aisíocaíocht laistigh de sheacht lá, trí bhíthin na modhanna dá bhforáiltear in Airteagal 7(3), ar chostas iomlán an ticéid ag an bpraghas ag ar ceannaíodh é, don chuid nó do na codanna den turas nach ndearnadh, agus don chuid nó do na codanna a rinneadh cheana mura bhfónfaidh an eitilt a thuilleadh don phlean taistil tosaigh a bhí ag an bpaisinéir, mar aon leis an méid seo a leanas, nuair is ábhartha,

– eitilt fillte chuig an gcéad phointe imeachta, a luaithe agus is féidir;

(b) athródú a dhéanamh, faoi dhálaí iompair inchomparáide, chuig a gceann scríbe deiridh ar dháta níos déanaí ar chaoithiúlacht an phaisinéara, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil.

(c) athródú a dhéanamh, faoi dhálaí iompair inchomparáide, chuig an gceann scríbe ar dháta níos déanaí ar chaoithiúlacht an phaisinéara, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008

8 Foráiltear le hAirteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO 2008 L 293, lch. 3), dar teideal 'Faisnéis agus neamh-idirdhealú', i mír 1 de:

'Áireofar na coinníollacha a bheidh infheidhme sna táillí aeir agus sna rátaí aeir, ar táillí aeir agus rátaí aeir iad a bheidh ar fáil don phobal i gcoitinne, an tráth a fhoilseofar nó a thairgfear iad in aon fhoirm, lena n-áirítear ar an idirlíon, d'aersheirbhísí ó aerfort a bheidh lonnaithe i gcríoch Ballstáit a mbeidh feidhm ag an gConradh maidir leis. Léireofar gach tráth an praghas deiridh a bheidh le híoc agus áireofar ann an táille aeir a bheidh infheidhme nó an ráta aeir a bheidh infheidhme chomh maith leis na cánacha uile a bheidh infheidhme, agus na muirir, na fomhuirir agus na táillí a bheidh dosheachanta agus a bheidh intuartha tráth an fhoilsithe. De bhreis ar an léiriú ar an bpraghas deiridh, sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an táille aeir nó an ráta aeir;

(b) na cánacha;

(c) na muirir aerfoirt; agus

(d) aon mhuirir eile, aon fhomhuirir eile nó aon táillí eile, amhail na muirir, na fomhuirir nó na táillí a bhaineann le slándáil nó le breosla;

i gcás inar cuireadh na hítimí a liostaítear faoi (b), faoi (c) agus faoi (d) leis an táille aeir nó leis an ráta aeir. Cuirfear na forlíonta roghnacha praghais in iúl ar bhealach soiléir, trédhearcach, neamhdhébhríoch i dtús aon phróisis áirithinte agus is ar bhonn 'roghnaím é' a ghlacfaidh an custaiméir leo.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

9 An 5 Lúnasa 2020, chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ticéid in áirithe le Qatar Airways maidir le heitiltí fillte ó Frankfurt am Main (an Ghearmáin) go Denpasar (an Indinéis), agus stad faoi bhealach in Doha (Catar).

10 Rinneadh an áirithint sin i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn a d'eagraigh an t-aeriompróir oibríochta sin. Cuireadh an feachtas sin, a bhí ar siúl ar feadh tréimhse theoranta, in áirithe go heisiach do ghairmithe sláinte agus thug sé deis dóibh áirithintí eitilte a dhéanamh leis an iompróir sin trí na cánacha agus na muirir a bhaineann leis na háirithintí sin amháin a íoc.

11 An 13 Meán Fómhair 2020, chuir Qatar Airways na heitiltí a bhí curtha in áirithe ar ceal.

12 Ina theannta sin, níor oibrigh an t-iompróir sin aon eitilt eile go Denpasar go dtí earrach 2022.

13 Le ríomhphost an 8 Lúnasa 2022, thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí fógra foirmiúil do Qatar Airways iad a athródú go Denpasar an 20 Deireadh Fómhair 2022 agus a n-eitilt fillte go Frankfurt am Main an 7 Samhain 2022 a oibriú, á threorú dó na socruithe is gá a dhéanamh chun na críche sin faoin 18 Lúnasa 2022. Ós rud é nach raibh aon éifeacht ag an bhfógra foirmiúil sin, chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí na heitiltí atá i gceist in áirithe, ag baint úsáid as sochair a fuarthas faoi chlár dílseachta agus ag íoc praghas iomlán de EUR 394.62. Ar dháta na háirithinte, EUR 4 276.36 in aghaidh an phaisinéara a bhí mar phraghas margaidh na n-eitiltí sin.

14 Thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne Qatar Airways os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main, an Ghearmáin), chun cúiteamh a fháil as mainneachtain an aeriompróra oibríochta sin a oibleagáid maidir le cúnamh a sholáthar faoi Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004 a chomhlíonadh.

15 I gcomhthéacs na caingne sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist, ar an gcéad dul síos, an bhfuil Rialachán Uimh. 261/2004 infheidhme sa chás seo.

16 I ndáil leis sin, níl an chúirt a rinne an tarchur cinnte an gcaithfear a mheas go bhfuil paisinéir ag taisteal saor in aisce, de réir bhrí Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004, i gcás nach gceanglaítear air ach cánacha aeriompair agus muirir aerfoirt a íoc.

17 Thairis sin, tugann sí dá haire, de réir chásdlí an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin), nach mór a mheas go bhfuil táille laghdaithe arna deonú ag an aeriompróir d'fhoireann gnóthais a thug creat-chomhaontú i gcrích leis an iompróir sin 'ar fáil [...] don phobal' de réir bhrí Airteagal 3(3) den Rialachán sin. Measann an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfadh an cásdlí sin a bheith infheidhme maidir leis an bhfeachtas cur chun cinn atá i gceist sna príomhimeachtaí, ós rud é nach ionann an feachtas sin agus clár dílseachta ná clár tráchtála de réir bhrí na forála sin.

18 I gcás ina bhfuil Rialachán Uimh. 261/2004 infheidhme maidir leis an gcás atá i gceist sna príomhimeachtaí, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist, ar an dara dul síos, an nglactar leis, leis an gceart chun athródú, a leagtar síos in Airteagal 8(1)(c) den Rialachán sin, go bhfuil nasc ama ann idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe atá le hoibriú, fiú mura léir coinníoll den sórt sin ó fhoclaíocht na forála sin.

19 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, de réir chásdlí Oberlandesgericht Köln (an Ardchúirt Réigiúnach, Köln, an Ghearmáin), ag féachaint do chuspóir Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, arb é atá ann paisinéirí a chosaint le linn an turais lena mbaineann, nach dtugtar leis an bhforáil sin ceart athródaithe saor in aisce do phaisinéirí, ar a gcaoithiúlacht, gan aon nasc ama leis an gcéad phlean taistil. De réir Oberlandesgericht Köln, ní mór go mbeadh nasc ama idir an eitilt chealaithe agus an eitilt athródaithe atá le hoibriú. Mar sin

féin, is cosúil gur chuir an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme) an cásdlí sin ar ceal. Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an leanann an ceanglas maidir le nasc ama den sórt sin ón bhforáil sin, agus níl aon léiriú ina leith sin san fhoclaíocht.

20 Sna himthosca seo, chinn an Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main) bac a chur ar imeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gcaithfear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi go dtaistealaíonn an paisinéir saor in aisce faoin gcéad rogha [den chéad abairt] d’Airteagal 3(3) den Rialachán sin sa chás go gceanglaítear air íoc as táillí agus cáin eitlíochta don ticéid eitilte, agus as an méid sin amháin?

(2) Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist:

An gcaithfear Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi nach mbaineann sé le táille atá ar fáil don phobal (go hindíreach) de réir bhrí an dara rogha [sa chéad abairt] d’Airteagal 3(3) den Rialachán sa chaoi gur cuireadh an eitilt in áirithe mar chuid de thairiscint speisialta arna soláthar ag aeriompróir ar feadh tréimhse theoranta agus nach bhfuil ach líon teoranta díobh ar fáil, agus nár cuireadh ar fáil ach do ghrúpa áirithe gairmeacha?

(3) Más freagra diúltach a thabharfar ar an dara ceist agus má mheastar go bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 261/2004:
(a) An gcaithfear Airteagal 8(1)(c) den Rialachán sin a léiriú sa chaoi nach mór nasc ama a bheith ann idir, ar thaobh amháin, an eitilt bhunaidh a cuireadh in áirithe agus a cuireadh ar ceal agus, ar an taobh eile, an t-athródú atá á lorg ar dháta níos déanaí?
(b) Conas ba cheart an nasc ama sin, más gá, a shainmhíniú?’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

21 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an chéad rogha den chéad abairt d’Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi go dtaistealaíonn paisinéir saor in aisce, de réir bhrí na forála sin, sa chás, chun a thicéad a chur in áireamh, nach raibh ar an bpaisinéir sin ach cánacha eitlíochta agus muirir a íoc.

22 I gcomhréir leis an gcéad abairt, an chéad rogha mhalartach d’Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004, ní bheidh feidhm ag an Rialachán sin maidir le paisinéirí a bheidh ag taisteal saor in aisce.

23 Ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach sainmhínítear na focail ‘ag taisteal saor in aisce’ le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 ná le haon fhoráil eile den Rialachán sin. Mar is léir ó chásdlí socair, ní mór brí agus raon feidhme na dtéarmaí nach bhforáiltear aon sainmhíniú dóibh le dlí an Aontais a chinneadh trí thagairt dá ngnáthchiall sa ghnáthchaint, agus an comhthéacs ina dtarlaíonn siad agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid díobh iad á gcur san áireamh (breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *Trade Express-L agus DEVNIA TSIMENT*, C-395/22 agus C-428/22, EU:C:2024:374, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear). Thairis sin, mar a chinn an Chúirt, ag féachaint do chuspóir Rialachán Uimh. 261/2004, dá dtagraítear in aithris 1 de agus arb é atá ann ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú, ní mór eisceacht ar na forálacha lena

ndeonaítear cearta do phaisinéirí a léiriú go docht (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *LATAM Airlines Group*, C-238/22, EU:C:2023:815, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Ar an gcéad dul síos, maidir le gnáthchiall na bhfocal ‘ag taisteal saor in aisce’, ní mór a mheas go ndéantar tagairt leo, go ginearálta, do chás ina dtaistealaíonn an paisinéir saor in aisce, gan aon chomaoin a íoc as a thicéad eitleáin.

25 I ndáil leis sin, bheadh léiriú ar na focail sin sa chiall go dtaistealaíonn paisinéir saor in aisce fiú i gcás, chun a áirithint a thabhairt chun críche, nach mór don phaisinéir sin suim a íoc ní i leith na táille aeir ach i leith cánacha aeriompair nó muirir, contrártha do ghnáthchiall na bhfocal sin sa ghnáthchaint.

26 Ina dhiaidh sin, maidir le comhthéacs Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004, cé gur fíor go dtagraíonn an fhoráil sin go ginearálta do chineál saor an taistil gan na gnéithe éagsúla den taisteal sin a shonrú, is amhlaidh fós go bhforáiltear le hAirteagal 23 de Rialachán Uimh. 1008/2008 go n-áireofar sa phraghas deiridh atá le híoc an táille aeir is infheidhme chomh maith leis na cánacha, na muirir aerfoirt agus na muirir, na formhuirir nó na táillí eile go léir, amhail iad siúd a bhaineann le slándáil nó le breosla. Fágann sé sin nach n-eisiatar cánacha agus muirir ó phraghas an ticéid eitleáin, ach gur cuid dhílis de iad.

27 Tacaíonn cásdlí na Cúirte leis an léiriú sin, ar dá réir nach gcumhdaítear paisinéirí atá ag taisteal trí thicéid nach n-íocann siad ach codán den phraghas ina leith le Rialachán Uimh. 261/2004 i gcás ina raibh an táille laghdaithe a íocadh ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal nó inar eisíodh na ticéid sin faoi chlár dílseachta nó faoi chlár tráchtála eile (ordú an 26 Samhain 2020, *SATA International – Azores Airlines*, C-316/20, EU:C:2020:966, mír 16).

28 Ar deireadh, maidir le cuspóir Rialachán Uimh. 261/2004, féachann an Rialachán sin, mar is léir ó aithrisí 1, 2 agus 4 de, le hardleibhéal cosanta a áirithiú do phaisinéirí agus do thomhaltóirí, trína gcearta a neartú i roinnt cásanna lena mbaineann ciotaí thromchúiseach agus cuir isteach thromchúiseach, agus trí na cásanna sin a cheartú ar bhealach caighdeánaithe agus láithreach (breithiúnas an 22 Aibreán 2021, *Austrian Airlines*, C-826/19, EU:C:2021:318, mír 26).

29 Mar sin féin, dá ndéanfaí léiriú sa chiall go dtaistealaíonn paisinéir saor in aisce agus, dá réir sin, nach dtairbhíonn sé de chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán Uimh. 261/2004, fiú i gcás ina bhfuil sé faoi dhliteanas suimeanna a íoc i leith cánacha aeriompair agus muirir, bhainfí an bonn de chuspóir an Rialacháin sin, arb é, mar a mheabhraítear i mír 28 den bhreithiúnas seo, ardleibhéal cosanta a áirithiú d’aerphaisinéirí.

30 I bhfianaise an mhéid thuas, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór an chéad rogha den chéad abairt d’Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi nach dtaistealaíonn paisinéir saor in aisce, de réir bhrí na forála sin, i gcás nach raibh ar an bpaisinéir sin ach cánacha aeriompair agus muirir a íoc chun a áirithint a dhéanamh.

An dara ceist

31 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an dara rogha den chéad abairt d’Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé go dtaistealaíonn paisinéir ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don

phobal, de réir bhrí na forála sin, i gcás inar fhorchoimeád an paisinéir sin a thicéad nó a ticéad i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn a bhí teoranta ó thaobh ama agus mhéid na dticéad a thairgtear agus a bhí dírithe ar chatagóir ghairmiúil shonraithe.

32 I gcomhréir leis an dara rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004, ní bheidh feidhm ag an Rialachán sin maidir le paisinéirí atá ag taisteal ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal.

33 Ar dtús, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás seo, mar chuid d'fheachtas cur chun cinn Qatar Airways, nár cheadaigh aeriompróir ach do ghairmithe sláinte eitiltí a chur in áirithe leis trí gan aon rud a íoc seachas na cánacha agus na muirir a bhaineann le háirithintí den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, níl an chúirt a rinne an tarchur cinnte an gcaithfear táille laghdaithe den sórt sin, atá teoranta do ghrúpa gairmithe sláinte, a mheas mar tháille atá ar fáil don phobal, de réir bhrí na forála sin.

34 I ndáil leis sin, maidir le raon feidhme na bhfocal 'ar fáil [...] don phobal', ní mór a thabhairt faoi deara, mar a áitíonn an Coimisiún Eorpach, go bhfuil táille ar fáil don phobal fiú mura bhfuil gach custaiméir ionchasach in ann tairbhe a bhaint aisti.

35 Go deimhin, tagraíonn an coincheap 'pobal' do líon neamhchinntithe faighteoirí ionchasacha agus, thairis sin, dtugann sé le tuiscint, ina theannta sin, líon measartha mór daoine (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *GEMA*, C-135/23, EU:C:2024:526, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear). Chun a chinneadh an féidir idirdhealú a dhéanamh idir grúpa daoine a thairbhíonn de tháille laghdaithe agus an 'pobal', is gá a fháil amach, go háirithe, an sainítear an grúpa sin ar bhealach sách beacht, an gcomhlíonann na daoine lena mbaineann na saintréithe áirithe arna bhforordú ag an aeriompróir chun tairbhe a bhaint as an táille sin agus an ndéanann an t-iompróir sin foráil maidir le húdarú aonair sula n-eiseofar an ticéad taistil.

36 I ndáil leis sin, is féidir leis an ngrúpa gairmithe sláinte, a dtugtar tuairisc orthu san achoimre gan na saintréithe ar leith a nascann iad a shonrú, agus nach bhfuil eisiúint na dticéad taistil dóibh faoi réir údarú aonair roimh ré, a bheith ina bpobal de réir bhrí an dara rogha mhalartach den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil táille laghdaithe atá teoranta do ghrúpa den sórt sin 'ar fáil [...] don phobal' de réir bhrí na forála sin.

37 Tacaítear le léiriú den sórt sin le cásdlí na Cúirte maidir le léiriú ar Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004, ar dá réir nach féidir ticéid arna n-eisiúint ar tháille fhabhrach nach bhfuil ar fáil ach do dhaoine sonraithe áirithe i gcomhthéacs idirbheart urraíochta imeachtaí agus nach féidir a eisiúint ach amháin tar éis údarú aonair roimh ré ón aeriompróir a mheas mar thicéid atá ar fáil don phobal nó mar thicéid a eisíodh faoi chlár rialta eitilte nó faoi chlár tráchtála eile (ordú an 26 Samhain 2020, *SATA International – Azores Airlines*, C-316/20, EU:C:2020:966, mír 17).

38 Sa chás seo, chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí eitiltí in áirithe le haeriompróir i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn, a raibh a thréimhse teoranta go docht agus a bhí teoranta do ghairmithe sláinte amháin. Is fíor nach raibh na táillí a tairgeadh mar chuid den fheachtas cur chun cinn sin ar fáil don daonra ina iomláine. Mar sin féin, ní raibh na táillí sin teoranta do dhaoine áirithe a sonraíodh ina n-aonar, ach do ghrúpa gairmiúil sonraithe, eadhon gairmithe sláinte, an grúpa sin ina bhfuil líon neamhchinntithe daoine nach bhfuil aon bhaint ar leith acu leis an iompróir sin a théann thar chreat caidrimh le custaiméirí.

39 Ina theannta sin, maidir leis an teorainn chainníochtúil ar líon na dticéad atá ar fáil i gcomhthéacs an fheachtais cur chun cinn, is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte Breithiúnais nach cosúil go n-eascraíonn an teorainn sin as saintréithe sonracha an ghrúpa ghairmiúil lena mbaineann, ach gur cosúil go bhfuil údar leis de bharr teorainneacha praiticiúla arna bhforchur ag an aeriompróir, nach raibh sé in ann táillí den sórt sin a thairiscint don ghrúpa iomlán lena mbaineann mar gheall ar mhéid an ghrúpa sin.

40 Ar deireadh, ba cheart a lua go bhféadfadh léiriú ar dá réir nár cheart grúpa daoine, amhail na gairmithe sláinte atá i gceist sna príomhimeachtaí, a mheas mar 'phobail' de réir bhrí an dara rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004, neamhaird a dhéanamh ar an gcuspóir, a leagtar amach in aithris 1 den Rialachán sin, maidir le hardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú.

41 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór an dara rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi nach dtaistealaíonn paisinéir ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal, de réir bhrí na forála sin, i gcás inar chuir an paisinéir sin a thicéad nó a ticéad in áirithe i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn a bhí teoranta ó thaobh ama agus mhéid na dticéad a thairgtear agus a bhí dírithe ar chatagóir ghairmiúil shonraithe.

An tríú ceist

42 Lena tríú ceist, dá dtagraítear sa chás go dtugtar freagra diúltach ar an gcéad dá cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi go gceanglaítear leis, chun críocha a chur i bhfeidhm, nasc ama a bheith ann idir an eitilt bhunaidh a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe atá ag teastáil ó phaisinéir agus, má tá, conas a shaineofar an nasc ama sin.

43 Faoi Airteagal 5(1)(a) de Rialachán Uimh. 261/2004, ní mór don aeriompróir oibríochta, i gcás ina gcuirfear eitilt ar ceal, cúnamh a thairiscint do na paisinéirí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin.

44 De réir Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá rogha ag na paisinéirí lena mbaineann idir trí rogha, eadhon ar an gcéad dul síos, aisíocaíocht an ticéid faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh, agus, i gcás inarb ábhartha, eitilt fillte chuig an gcéad phointe imeachta a eagrú, a luaithe is féidir; ar an dara dul síos, athródú a dhéanamh, faoi dhálaí iompair inchomparáide, chuig a gceann scríbe deiridh a luaithe is féidir; nó ar an tríú dul síos, athródú a dhéanamh, faoi dhálaí iompair inchomparáide, chuig a gceann scríbe deiridh ar dháta níos déanaí ar chaoithiúlacht an aerphaisinéara, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil.

45 Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, leagtar síos go sainráite san Airteagal sin an oibleagáid atá ar an aeriompróir oibríochta na roghanna éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán sin a thairiscint do phaisinéirí ar cuireadh a n-eitilt ar ceal, rud a thugann le tuiscint go soláthraíonn sé do na paisinéirí sin an fhaisnéis go léir maidir leis na cearta a eascraíonn as an bhforáil sin ionas gur féidir leo a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach i gcás ina gcuirtear eitilt ar ceal. Ar an gcaoi chéanna, is faoin aeriompróir oibríochta atá sé faisnéis úsáideach a chur ar fáil do phaisinéirí aeir i gcás nach féidir athródú a dhéanamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Austrian Airlines (Eitilt aisdúichithe)*, C-49/22, EU:C:2023:454, míreanna 43 agus 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Dá bhrí sin, i gcás ina gcuirfear an eitilt ar ceal, tá sé de dhualgas ar an aeriompróir an fhaisnéis is gá a sholáthar d'aerphaisinéirí chun go mbeidh siad in ann rogha éifeachtach a dhéanamh, eadhon aisíocaíocht a dticéid a fháil nó leanúint dá n-iompar chuig a gceann scríbe deiridh, faoi dhálaí iompair inchomparáide, a luaithe is féidir nó ar dháta níos déanaí. Dá bhrí sin, ní féidir oibleagáid ar bith a bheith ar an aerphaisinéir chun rannchuidiú go gníomhach leis an bhfaisnéis nach mór a bheith sa tairiscint ón aeriompróir oibríochta a lorg (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Rusu*, C-354/18, EU:C:2019:637, míreanna 54 go 56).

47 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gur chuir Qatar Airways na heitiltí a chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí in áirithe ar ceal i mí Mheán Fómhair 2020. Chuir an t-aeriompróir sin srian air féin, i ndáil leis sin, maidir leis na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí a chur ar an eolas nárbh fhéidir eitiltí a oibriú chuig Denpasar, arbh é a gceann scríbe deiridh é, de bharr na n-imthosca a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19, agus ag an am céanna síneadh 2 bhliain a chur le bailíocht na dticéad atá i gceist, is é sin go dtí an 4 Lúnasa 2022. An 8 Lúnasa 2022, d'iarr na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, ar an aeriompróir sin athródú chuig a gceann scríbe deiridh a chur ar fáil ar dháta níos déanaí ar a gcaoithiúlacht.

48 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an oibleagáid cuidiú a chur ar fáil faoi Airteagal 8 de Rialachán Uimh. 261/2004 maidir leis an aeriompróir oibríochta beag beann ar an teagmhas is cúis leis an eitilt a chur ar ceal. Fiú nuair a thagann imthosca eisceachtúla chun cinn, le hAirteagal 5(3) den Rialachán sin, ní scaoiltear an t-aeriompróir oibríochta ach óna oibleagáid cúiteamh a íoc faoi Airteagal 7 den Rialachán sin (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Austrian Airlines (Eitilt aisdúichithe)*, C-49/22, EU:C:2023:454, mír 45).

49 Thairis sin, níl aon ní i Rialachán Uimh. 261/2004 lena bhféadfaí a mheas go n-aithníonn sé catagóir ar leith 'd'imthosca urghnácha', amhail paindéim COVID-19, thar na 'himthosca urghnácha' dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Rialachán sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh an t-aeriompróir oibríochta díolmhaithe óna oibleagáidí uile, lena n-áirítear iad siúd faoi Airteagal 8 den Rialachán sin (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Austrian Airlines (Eitilt Aisdúichithe)*, C-49/22, EU:C:2023:454, mír 46).

50 Dá bhrí sin, tá paisinéir ar cuireadh a eitilt ar ceal i dteideal cúiteamh comhchineáil a fháil, ar chostas an aeriompróra oibríochta, i gcás nach gcomhlíonann an t-aeriompróir oibríochta a oibleagáid cúnamh a sholáthar faoi Airteagal 8(1) den Rialachán sin, lena n-áirítear an dualgas atá air faisnéis a sholáthar mar a shainmhínítear i míreanna 45 agus 46 den bhreithiúnas seo (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Austrian Airlines (Eitilt Aisdúichithe)*, C-49/22, EU:C:2023:454, mír 48).

51 Mar sin féin, beidh an cúiteamh sin teoranta don mhéid is gá, is iomchuí agus is réasúnta, i bhfianaise imthosca sonracha gach cáis, chun easnaimh an aeriompróra oibríochta a leigheas (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *Austrian Airlines (Eitilt Aisdúichithe)*, C-49/22, EU:C:2023:454, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Maidir leis an gceist, go sonrach, an gceanglaítear le hAirteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, chun críocha a chur i bhfeidhm, nasc ama a bheith ann idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe inmhianaithe, is gá, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 23 den bhreithiúnas seo, an t-ábhar a chinneadh trí fhoclaíocht na forála sin a chur san áireamh ní hamháin ach freisin a comhthéacs agus cuspóirí na rialacha ar cuid díobh í.

53 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon cheanglas ann maidir le nasc ama a bheith ann idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe atá le hoibriú. Leanann sé ón bhforáil sin go bhféadfaidh aerphaisinéir athródú a iarraidh ‘ar dháta níos déanaí ar chaoithiúlacht an phaisinéara, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Ní léir ó na focail ‘ar dháta níos déanaí’ go gcuireann siad teorainn ama leis an gceart chun athródú a dhéanamh.

54 Dá bhrí sin, leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004 gurb iad na tosca cinntitheacha áisiúlacht an aerphaisinéir agus gur mian leis nó léi go ndéanfaí é nó í a athródú ar dháta sonraithe níos déanaí, agus gurb é an t-aon teorannú ina leith sin ná suíocháin a bheith ar fáil. Dá réir sin, ní fhéadfaidh aeriompróir oibríochta eitilt athródaithe atá inghlactha ag an aerphaisinéir lena mbaineann a dhiúltú ach amháin mura bhfuil aon suíocháin ar fáil.

55 Ar an dara dul síos, maidir le comhthéacs Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearna reachtóir an Aontais foráil go sainráite do ghné ama in Airteagal 8(1)(b) den Rialachán sin, arb é atá ann cead a thabhairt don aerphaisinéir athródú a iarraidh, faoi dhálaí iompair inchomparáide, chuig a cheann scríbe a luaithe agus is féidir. Dá mba mhian leis an reachtóir sin teorainn ama a chur leis an gceart chun athródú dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, bheadh sé sin sonraithe aige, mar a rinne sé in Airteagal 8(1)(b) den Rialachán sin. Sa chomhthéacs sin, féadfar a chur in iúl freisin nach ndéantar aon tagairt in aithrisí 12 agus 13 de Rialachán Uimh. 261/2004, i gcás eitilt a cuireadh ar ceal, d’aon nasc ama idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe.

56 Ina theannta sin, mar is léir ó mhír 46 den bhreithiúnas seo, féadfaidh aerphaisinéir, i gcás ina gcuirtear eitilt ar ceal, aisíocaíocht nó athródú ina dhiaidh sin a roghnú. I bhfianaise na roghanna sin, ar ina leith a fhorchoimeádtar an rogha don aerphaisinéir, bhainfeadh léiriú ar dá réir a bhfuil an ghné ama dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)(b) de Rialachán Uimh. 261/2004 cinntitheach chun críocha an chirt chun athródú ina dhiaidh sin dá bhforáiltear in Airteagal 8(1)(c) den Rialachán sin a éifeachtúlacht den fhoráil dheireanach sin.

57 Ar an tríú dul síos, tacaítear le léiriú den sórt sin ar Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004 le cuspóirí an Rialacháin sin, mar a leagtar amach in aithrisí 1 agus 4 de, arb é atá iontu, *inter alia*, ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú agus a gcearta a neartú, agus na ceanglais maidir le cosaint tomhaltóirí i gcoitinne á gcur san áireamh go hiomlán ag an am céanna.

58 Bheadh léiriú lena ndéantar na roghanna a thairgtear d’aerphaisinéirí faoi Airteagal 8(1) den Rialachán sin a theorannú go hiomarcach contrártha do phríomhchuspóir an Rialacháin sin, is é sin ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú.

59 Thairis sin, ní chuirtear léiriú den sórt sin ó bhail leis an dearbhú, a rinne Qatar Airways, go mbeadh costais mhíréasúnta ann do na haeriompróirí oibríochta lena mbaineann. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go bhféadfadh tábhacht an chuspóra maidir le cosaint tomhaltóirí a shaothraítear le Rialachán Uimh. 261/2004, lena n-áirítear aerphaisinéirí a chosaint, údar a thabhairt fiú le hiarmhairtí eacnamaíocha diúltacha suntasacha d’oibreoirí eacnamaíocha áirithe (breithiúnas an 31 Eanáir 2011, *McDonagh*, C-12/11, EU:C:2013:43, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Mar sin féin, agus in aon chás, sa chás seo, chuir Qatar Airways teorainn le bailíocht na dticéad a eisíodh go dtí tréimhse 2 bhliain tar éis na háirithinte tosaigh, mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bhí ticéid bhailí ag na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí go dtí an 4 Lúnasa 2022 agus chuir siad a n-iarraidh ar athródú isteach tar éis an dáta sin, eadhon an 8 Lúnasa 2022.

61 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon fhoráil i Rialachán Uimh. 261/2004 maidir leis na teorainneacha ama chun caingne a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta chun athródú a fháil faoi Airteagal 8(1)(c) den Rialachán sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2012, *Cuadrench Moré*, C-139/11, EU:C:2012:741, mír 24).

62 Is cásdlí socair é, in éagmais rialacha an Aontais sa réimse seo, tá sé de dhualgas ar ord dlíthiúil inmheánach gach Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, na rialacha mionsonraithe nós imeachta a leagan síos lena rialaítear caingne chun cearta a eascraíonn as dlí an Aontais a chosaint, ar choinníoll go gcomhlíonann na rialacha sin prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta (breithiúnas an 22 Samhain 2012, *Cuadrench Moré*, C-139/11, EU:C:2012:741, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Dá réir sin, in imthosca amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, ina n-iarrann aerphaisinéirí athródú chuig an gceann scríbe deiridh tar éis dháta éaga a dticéad eitleáin, is é sin le rá níos mó ná 2 bhliain tar éis na háirithinte tosaigh, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an teorainn ama chun caingne a thionscnamh chun a gceart chun athródú a fhorfheidhmiú faoi Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, i gcomhréir le prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.

64 I bhfianaise an mhéid thuas ina iomláine, is é an freagra ar an tríú ceist nach mór Airteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004 a léiriú sa chaoi nach gceanglaítear leis, chun críocha a chur i bhfeidhm, nasc ama a bheith ann idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe atá ag teastáil ó phaisinéir, ós rud é go bhféadfar athródú den sórt sin chuig an gceann scríbe deiridh a iarraidh faoi choinníollacha iompair inchomparáide ar dháta níos déanaí, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil.

Costais

65 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir leis an gcéad rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thaistealaíonn paisinéir saor in aisce, de réir bhrí na forála sin, i gcás nach raibh ar an bpaisinéir sin ach cánacha aeriompair agus muirir a íoc chun a áirithint a dhéanamh.

2. Maidir leis an dara rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thaistealaíonn paisinéir ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal, de réir bhrí na forála sin, i gcás inar chuir an paisinéir sin a thicéad nó a ticéad in áirithe i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn a bhí teoranta ó thaobh ama agus mhéid na dticéad a thairgtear agus a bhí dírithe ar chatagóir ghairmiúil shonraithe.

3. Maidir le hAirteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní cheanglaítear leis, chun críocha a chur i bhfeidhm, go mbeidh nasc ama a bheith ann idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athródaithe atá ag teastáil ó phaisinéir, ós rud é go bhféadfar athródú den sórt sin chuig an gceann scríbe deiridh a iarraidh faoi choinníollacha iompair inchomparáide ar dháta níos déanaí, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil.

[Sínithe]